

## **Polasaí i dtaobh Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta(O.C.G.)**

Athníonn Coláiste Cholmcille an gá agus an tábhachtacht a bhaineann le hOideachais Caidrimh & Gnéasachta a thabhairt do na scoláirí.

Is próiseas fadsaoil é Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ina bhfaightear eolas agus tuiscint agus ina bhforbraítear dearcaidh, creidimh agus luachanna ar fhéiniúlacht ghnéasach, chaidrimh agus dhlúthchaidreamh. Faightear an oideachas seo go comhfhiosach agus go neamhchomhfhiosach ó thuismitheoirí, mhúinteoirí, chomhaosaigh, dhaoine fásta agus ó na meáin chumarsáide.

### **Sainmhiniú ar O.C.G.**

Tugann O.C.G. deiseanna do phaisti foghlaim faoi caidrimh agus gnéasachta ar bhealaí a chabhraíonn leo smaoineamh agus gníomhú ar bhealach atá morálta, freagrach agus aireach. Beidh O.C.G. mar pháirt den chlár ‘Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

Ag leibhéal na hiarbhunscoile, ciallaíonn, sé seo go gcaithfí tógaint ar an gelár bunscoile agus eolas agus scileanna a sholáthar do dhaoine óga chun measúnú criticiúil a dhéanamh ar an raon leathan eolais, tuairimí, dearcaidh agus luachanna atá ar fail inniu chun gur féidir leo roghanna stuama agus dearfacha a dhéanamh fúthu féin agus faoin slí ina gcaitheann said a saol. I suíomh na scoile múinfear OCG i gcomhthéacs Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte Cabhraíonn Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) i bhforbairt obair na scoile maidir le cothú shláinte leanaí agus daoine óga. Tarlaíonn sé seo i gcomhthéacs a bhfás mothúchánach, mórálta, sóisialta agus spioradálta chomh maith lena bhforbairt chruthaitheach, reiligiúnda, pholaitiúil, fhisiciúil agus intleachtúil. Tá atmaisféar tacúil scoile, ina gcuirtear san áireamh na riachtanais atá ag na baill ar fad de phobal na scoile, riachtanach chun gur féidir OSPS a sholáthar ar ardleibhéal.

Tá O.C.G. mar pháirt den chlár ‘Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Beidh sé i gceist in aon cheacht O.S.P.S., eolas sóiléir a thabhairt, fein mhúinín a fhorbairt, cabhrú leis na páistí cumarsáid a dhéanamh, rogha a dhéanamh agus mothuchán a chur in iúl go héifeachtach.

Féachann OSPS ar shaincheisteanna mar chaidrimh sa bhaile agus ar scoil, féinmheas, agus foghlaim scileanna cumarsáide, conas cinntí a dhéanamh, agus conas mothúcháin a chur in iúl ar bhealach cuí. Chomh maith leis seo, soláthraíonn sé eolas soiléir ar raon ábhar mar bhia sláintiúil, alcól, drugaí, fás agus forbairt an duine, sábháilteacht, freagracht shóisialta, agus saincheisteanna imshaoil.

### **Baineann an polasaí le:**

Scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta, Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin.

Is ar tuismitheoir/caomhnóir an pháiste atá an príomh-fhreagracht maidir le hoideachas an pháiste, Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta san áireamh.

### **Cúis:**

Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta mar chuid de shiolabas Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte(O.S.P.S.) chun teagasc ar chúrsaí caidrimh ina bhfuil dínit an duine lárnach.

### **Aidhmeanna:**

- Cabhrú le tuismitheoirí oideachas a chur ar a bpáistí san ábhar seo.
- Forbairt scoláirí a spreagadh i dtreo caidrimh atá measúil & folláin.
- Cabhrú le scoláirí tuiscint agus scileanna a shealbhú atá riachtanach le cairdis freagracha a dhéanamh.
- Scoláirí a spreagadh chun staonadh agus féinsmacht a chleachtadh maidir le gnéas de, mar réamhriachtanas d'fhorbairt iomlán an duine.
- Ábaltacht a thabhairt do scoláire dearcadh agus luacha a fhorbairt i leith a gcuid gnéasachta, i gcomhthéacs mórálta, spioradálta, agus sóisialta a thagann le meon an choláiste.
- Spreagadh do scoláirí luach agus fiúntas shaol na clainne a thuiscint, agus freagrachtaí tuismitheora a thuiscint.
- Cabhrú le scoláirí scileanna a fhorbairt chun glacadh le brú, coimhlint agus bagairtí ar shábháilteacht phearsanta.
- Tuiscint a thabhairt ar fhorbairt dhearcadh dearfach pearsanta, agus scileanna chun féin luach a thógáil.
- Dearcadh iomlán a shaothrú de fhorbairt scoláire, agus baill fhreagracha den sochaí le prionsabail a tháirgeadh.

### **Ábhar:**

- Déanfar teagasc in Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i gColáiste na Coiribe le comhoibriú tuismitheoirí/caomhnóirí agus le tacaíocht an choláiste.
- Níl aon riachtanas ar aon tuismitheoir go mbeadh a mhac/iníon rannpháirteach san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta.
- Múinfeadh an clár O.C.G. i gColáiste na Coiribe i gcomhthéasc a léiríonn dínit an duine, le meas ar an gcorp daonna a bheith beannaithe agus luachmhar.
- Is móráltacht bunaithe ar luachanna agus prionsabail na Críostaíochta a usáidfear sa mhúinteoireacht.
- Ba cheart fealsúnacht an pholasaí seo a bheith i bhfeidhm le haon mhúinteoireacht traschuraclaim den Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta.
- Cuirfeadh na hacmhainn mhúinteoireachta Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí, le scrúdú sa choláiste.

### **Cur i bhfeidhm:**

Beidh an polasaí seo curtha i bhfeidhm ag an bpríomhoide, múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta monatóireacht ar chur i bhfeidhm an chlár, agus déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ó am go chéile.

Tá fáilte roimh Coiste na dTuistí chun oícheanta eolais a eagrú ó am go chéile le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí san oideachas seo.